

Foilsiú Fógra Folúntais

Cúntóir don Stiúrthóir

Tag.: TA-ASTDIR-AD6-2019

PRÓIFÍL AN PHOIST

1. Creat an Phoist

Teideal an Phoist:	Cúntóir don Stiúrthóir
Suíomh an Phoist:	Vín, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha
Réimse gníomhaíochta:	Oifig an Stiúrthóra
Grád:	AD6
Stádas:	Gníomhaire Sealadach

2. Dualgais Poist

Is ar an Stiúrthóir atá an fhreagracht an Ghníomhaireacht a threorú agus a bhainistiú, ag áirithiú go bhfuil na cuspóirí agus na cúraimí gaolmhara, atá leagtha amach sa Rialachán bunaidh, bainte amach go héifeachtúil agus go héifeachtach agus de réir na treorach arna thabhairt ag Bord Bainistíochta na Gníomhaireachta.

Oibríonn sealbhóir an phoist faoi mhaoirseacht an Stiúrthóra agus tugann sé/sí cúnaimh dó nó di chun bainistíocht laethúil a dhéanamh ar an nGníomhaireacht.

Feidhmeanna agus Dualgais:

Seo a leanas na freagrachtaí a bheidh ar shealbhóir an phoist:

- Comhordú Oifig an Stiúrthóra: Na sreafaí oibre uile laistigh d'Oifig an Stiúrthóra a fhorbairt, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu agus pleanáil thráthúil, cur chun feidhme éifeachtach agus obair leantach ar gach gníomhaíocht a bhaineann leis an Stiúrthóir a áirithiú; a áirithiú go gcuirfear gach cúram in Oifig an Stiúrthóra chun críche laistigh de na hamlínte aontaithe;
- Tosaíochtaí pleanála agus faireacháin: Cabhrú leis an Stiúrthóir tosaíochtaí inmheánacha a shocrú agus a bhainistiú; coinbhleachtaí a bhaineann leo agus éilimh atá in iomaíocht le chéile a chur in ord tosaíochta agus a réiteach go

héifeachtach; faireachán a dhéanamh ar iliomad gníomhaíochtaí ar fud na Gníomhaireachta agus an Stiúrthóir a chur ar an eolas go réamhghníomhach maidir le rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann; agus, trí chomhordú leis an bhFoireann Bainistíochta, a chinntiú go gcuirtear cinntí an Stiúrthóra in iúl agus i gcrích go cúí;

- Ullmhú shainchomhaid an Stiúrthóra do chlár oibre an Stiúrthóra: Comhordú a dhéanamh ar na hionchuir shubstainteacha ó na hAonaid ábhartha do chruinnithe inmheánacha agus seachtracha an Stiúrthóra; spriocdhátaí iomchuí a shocrú agus súil a choinneáil ar an dul chun cinn lena áirithiú go ndéanfar an Stiúrthóir a ullmhú go tráthúil le haghaidh a chuid rannpháirtíochtaí inmheánacha agus seachtracha ar fad;
- Cumarsáid: Pointí labhartha a ullmhú le haghaidh rannpháirtíochtaí inmheánacha agus seachtracha an Stiúrthóra; dréacht-chumarsáid ar ghníomhaíochtaí an Stiúrthóra i ndáil le cumarsáid sheachtrach agus tuarascálacha inmheánacha nó seachtracha na Gníomhaireachta, lena n-áirítear an tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta agus Tuarascáil an Stiúrthóra chuig an mBord Bainistíochta;
- Comhfhreagras: Comhfhreagras inmheánach agus seachtrach ardleibhéal a dhréachtú agus a chomhordú le geallsealbhóirí na Gníomhaireachta, de réir mar a éilíonn an Stiúrthóir, lena n-áirítear freagraí prasa tráthúla;
- Cruinnithe: Páirt a ghlacadh i gcruinnithe inmheánacha agus seachtracha agus/nó in imeachtaí, miontuairiscí cruinnithe agus tuarascálacha a dhréachtú de réir mar a éilíonn an Stiúrthóir, lena n-áirítear bearta leantacha iomchuí maidir le pointí gníomhaíochta comhaontaithe agus gealltanais a rinneadh;
- Bainistiú doiciméad: Córais bhainistíochta do dhoiciméid fhisiceacha agus leictreonacha agus bunachair sonraí teagmhála a choimeád agus comhlíonadh na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí a áirithiú in Oifig an Stiúrthóra;
- Aon chúraimí eile a láimhseáil mar a shannann an Stiúrthóir iad.

RIACHTANAIS AN PHOIST

3. Na cáilíochtaí agus an taithí a theastaíonn

A. Critéir incháilitheachta

Déanfar iarrthóirí a mheas don chéim roghnúcháin ar bhonn na gcritéar seo a leanas atá le comhlíonadh faoin spriocdháta le hiarratais a chur isteach:

- (a) Leibhéal oideachais is comhionann le céim ollscoile críochnaithe arna fhianú le diplóma¹ nuair is ceithre bliana nó níos mó an ghnáth-thréimhse d’oideachas ollscoile agus, tar éis céim ollscoile a fháil, ar a laghad ceithre bliana de thaithí ghairmiúil;

NÓ

Leibhéal oideachais is comhionann le céim ollscoile críochnaithe arna fhianú le diplóma² nuair is trí bliana nó níos mó an ghnáth-thréimhse d’oideachas ollscoile agus, tar éis céim ollscoile a fháil, ar a laghad cúig bliana de thaithí ghairmiúil;

- (b) Sáreolas ar theanga oifigiúil amháin de chuid an Aontais Eorpaigh agus eolas sásúil³ ar theanga eile de chuid an Aontais Eorpaigh⁴;

Ina theannta sin, ní mór d’iarrthóirí incháilithe:

- A bheith ina s(h)aoránach de cheann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh;
- A bheith i dteideal a c(h)earta iomlána mar shaoránach⁵;
- A ndualgais a bheith comhlíonta acu i ndáil leis na hoibleagáidí a fhorchuirtear orthu de réir na ndlíthe maidir le seirbhís mhíleata;
- A bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh⁶.

B. Critéir roghnúcháin

Déanfar na hiarrthóirí a roghnófar ar bhonn na gcritéar incháilitheachta thuas a mheas ansin de réir na gcritéar roghnúcháin seo a leanas, ar gá iad a shonrú go soiléir i CV Europass an iarratasóra:

¹ Ní chuirfear san áireamh ach diplómaí agus teastais a bronnadh i mBallstáit den Aontas Eorpach nó atá faoi réir deimhnithe coibhéise arna n-eisiúint ag údaráis sna Ballstáit sin. Sa chás gur eisíodh deimhniú coibhéise, ní mór é sin a bheith déanta faoin spriocdháta le hiarratas a chur isteach.

² Féach fonóta 1

³ Is é B2 an leibhéal eolais a mheastar a bheith sásúil don dara teanga - Féach ar <http://europass.cedefop.europa.eu/en/resources/european-language-levels-cefr>

⁴ Lena chois sin, d’fhonn a bheith incháilithe don chéad ardú céime, beidh ar bhaill foirne eolas oibre a bheith acu ar thríú teanga de chuid an AE, faoi mar a thuairiscítear sna Rialacháin Foirne agus sna Rialacha Cur Chun Feidhme is infheidhme.

⁵ Sula gceapfar é nó í, beidh ar na hiarratasóirí a n-éireoidh leo doiciméad oifigiúil a sholáthar a thaispeánfaidh nach bhfuil aon taifead coiriúil acu.

⁶ Sula bhfostófar iad, beidh ceangal ar iarratasóirí a n-éireoidh leo dul faoi scrúdú dochtúra chun a chinntiú go gcomhlíonann siad ceanglais airteagal 12(2)(d) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile na gComhphobal Eorpach.

Riachtanach

- Trí bliana, ar a laghad, de taithí oibre a fuarthas i bpoist a bhaineann le próifíl an phoist mar a bhfuil cur síos déanta air sa rannóg “Feidhmeanna agus Dualgais”;
- Dhá bhliain, ar a laghad, de thaithí oibre in institiúidí, i gcomhlachtaí nó i ngníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh, eagraíochtaí náisiúnta agus/nó idirnáisiúnta;
- Sáreolas ar fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus ar na tosaíochtaí atá leagtha síos i réimse chearta an duine;
- Taithí ar chomhordú sainchomhad agus baill foirne a spreagadh chun na cuspóirí atá leagtha síos a chomhlíonadh;
- Tuiscint ar fhreagracht agus ar rúndacht trína áirithiú go bhfuil spriocanna á gcomhlíonadh bunaithe ar amlínte comhaontaithe agus go láimhseáiltear faisnéis ar bhealach sábháilte;
- Breithiúnas fóna agus cumas chun tosaíochtaí a leagan síos bunaithe ar thábhacht agus ar íogaireacht ábhar, chomh maith leis an gcumas tionscnamh a ghlacadh nuair a mheastar gur gá sin;
- Sárscileanna cumarsáide, eagrúcháin agus scileanna idirphearsanta le linn a bheith ag déileáil le gach leibhéal bainistíochta go himmheánach agus go seachtrach san eagraíocht;
- Scileanna láidre anailíse, beachtais agus mionchruinnis.

Buntáisteach

Measfar gur buntáistí breise iad na saintréithe seo a leanas:

- Cumas an-mhaith sa Fhraincis (leibhéal C1 agus níos airde) nó cumas an-mhaith sa Ghearmáinis (leibhéal C1 agus níos airde);

IARRATAIS A CHUR ISTEACH

Iarrtar ar iarrthóirí iarratas a chur isteach go leictreonach ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta: www.fra.europa.eu.

Ní ghlacfar **ach** le hiarratais ar líne.

Ní mheasfar go bhfuil iarratas inghlactha **ach** amháin má áirítear ann:

- **CV** i **bhformáid Europass** (ní mheasfar formáidí eile);
- **litir inspreatha** (ní gá níos mó ná leathanach amháin más féidir);
- **greille de chritéar incháilitheachta agus roghnúcháin** líonta go hiomlán.

Tá eolas faoi stádas an nós imeachta roghnúcháin le fáil ag an seoladh seo a leanas: <http://fra.europa.eu/en/about-fra/recruitment/vacancies>.

Má bhíonn fadhbanna teicniúla agat le linn duit d'iaratas a dhéanamh, téigh i dteagmháil, laistigh den spriocdháta thuasluaite, leis an seoladh ríomhphoist thíos ag míniú na bhfadhbanna atá agat: recruitment@fra.europa.eu.

SPRIODHÁTA

Ní mór na hiarratais a sheoladh isteach tráth nach déanaí ná **23/04/2019 ar 13:00** (am Áitiúil Vín).

De bharr líon mór na n-iaratas a fhaighimid, d'fhéadfadh go mbeadh fadhbanna ag an gcóras líon chomh mór sin sonraí a phróiseáil nuair a bhíonn sé gar don spriocdháta chun iarratais a chur isteach. Dá bhrí sin, molaimid duit iaratas a dhéanamh i bhfad roimh an spriocdháta.

COMHDHEISEANNA

Molann FRA d'aon duine a chomhlíonann na critéir incháilitheachta agus a bhfuil spéis aige/aici sa phost iaratas a dhéanamh. Is fostóir comhdheiseanna é FRA agus fáiltíonn sí roimh iarratais gan aon idirdhealú a dhéanamh bunaithe ar inscne, dath, tionscnamh ciníoch, eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairimí polaitiúla nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, náisiúntacht, aois, gnéaschlaonadh nó féiniúlacht inscne.

Spreagann FRA iarrthóirí atá faoi mhíchumas iaratas a chur isteach. Má mheasann tú go bhfuil tú faoi mhíchumas coirp, meabhrach, intleachta nó céadfach, cuir tic sa bhosca cuí ar an bhfoirm iarratais ar líne agus cuir aon choigeartuithe nó socruithe atá ann, a bhaineann le do mhíchumas, in iúl ionas gur féidir le FRA do rannpháirtíocht iomlán agus chomhionann san agallamh a chinntiú.

NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN

Is é Údarás Ceapacháin FRA a ainmníonn Coiste Roghnúcháin.

Déanfar incháilitheacht iarrthóirí a mheas de réir na gceanglas foirmiúil ar fad faoin dáta deiridh chun iarratais a chur isteach (féach 3.A. Critéir incháilitheachta).

Ní dhéanfar ach iarratais ó na hiarrthóirí incháilithe a mheas de réir na gcritéar roghnúcháin a shonraítear san fhógra foilseacháin (féach pointe 3.B.). **Tabharfaidh an Ghníomhaireacht cuireadh chun agallaimh don 8 iarrthóir is fearr i measc na n-iarrthóirí a fuair 60%, ar a laghad.**

Beidh Agallamh agus triail scríofa le déanamh mar chuid den nós imeachta roghnúcháin. Is i mBéarla a bheidh an dá chuid. Reáchtálfar an t-agallamh i Vín (an Ostair), áit a bhfuil an Ghníomhaireacht agus an áit fostaíochta suite.

Iarrfar ar na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh, ar lá an agallaimh, cóip neamhdheimhnithe dá ndioplóma(i), agus fianaise ar a gcuid taithí oibre, a chur ar fáil, agus léargas soiléir a thabhairt ar thréimhse ama agus ar nádúr a dtaithe oibre, agus cibé an obair lánaimseartha nó obair pháirtaimseartha a bhí i gceist. Sula ndéanfar conradh a shíniú, iarrfar ar an iarrthóir/na hiarrthóirí ar éirigh leis/léi/leo cóipeanna bunaidh nó deimhnithe de na doiciméid ábhartha ar fad ar fianaise iad ar na ceanglais incháilitheachta a chur ar fáil.

Ainmneofar na hiarrthóirí a n-éireoidh leo ar liosta ionadaithe a chuirfidh an Coiste Roghnúcháin le chéile. Molfar an liosta ionadaithe seo d'Údarás Ceapacháin FRA. Déanfaidh an tÚdarás Ceapacháin cinneadh maidir le liosta ionadaithe a bhunú. Beidh an liosta ionadaithe seo bailí ó dháta a bhunaithe (i mbliain 'N') go dtí an 31 Nollaig den bhliain 'N+5'. Féadfar síneadh a chur le bailíocht an liosta. D'fhéadfaí an liosta ionadaithe a úsáid mar chuid de phróiseas earcaíochta a eagrófar amach anseo, má tá folúntais ann. Cuirfear in iúl, i bhfoirm litreach, do gach iarrthóir cibé an bhfuil nó nach bhfuil sé/sí ainmnithe ar an liosta ionadaithe. Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire nach gá gurb ionann ainm a bheith luaite ar an liosta ionadaithe agus earcaíocht.

Bunaithe ar an liosta ionadaithe ar glacadh leis, d'fhéadfadh Údarás Ceapacháin FRA conradh rannpháirtíochta a thairiscint.

Tabhair do d'aire go bhfuil obair agus plé an Choiste Roghnúcháin faoi rún daingean agus go bhfuil cosc iomlán ar aon teagmháil le baill an Choiste Roghnúcháin.

De bharr líon mór na n-iarratas, **is oth leis an nGníomhaireacht nach ndéanfar teagmháil ach leis na hiarrthóirí a roghnaíodh le teacht chun agallaimh.** Iarrtar ar iarratasóirí an próiseas earcaíochta a leanúint ar shuíomh gréasáin FRA.

RANPHÁIRTÍOCHT AGUS COINNÍOLLACHA FOSTAÍOCHTA

Déanfar conradh mar ghníomhaire sealadach a thairiscint de bhun Airteagal 2(f) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh go ceann tréimhse éiginnte.

Is ag grád AD 6 a earcófar an t-iarrthóir a n-éireoidh leis/léi. Is é **EUR 5 416,58** an buntuarastal míosúil do ghrád AD 6 (Céim 1). Sa bhreis ar an mbuntuarastal, **d'fhéadfadh go mbeadh baill foirne i dteideal liúntais éagsúla a fháil, go háirithe liúntas teaghlaigh, liúntas easaoránachta (16% den bhuntuarastal + liúntas teaghlaigh), liúntas linbh chleithiúnaigh agus liúntas oideachais.** Tá an tuarastal faoi réir cháin an Aontais a asbhaintear ag an bhfoinse agus atá díolmhaithe ó chánachas náisiúnta.

Chomh maith leis sin, tairgeann FRA **pacáiste leasa** cuimsitheach, lena n-áirítear scéim pinsean, cumhdach árachais tionóisce agus galair ceirde, liúntas dífhostaíochta agus easláine agus árachas taistil.

Ina theannta sin, tairgeann FRA deiseanna éagsúla **seirbhísí scolaíochta** trí chomhaontuithe seirbhíse le scoileanna idirnáisiúnta agus le heagrais réamhscoile, agus tá beartais maidir le **teilea-oibriú agus fleisc-am** bunaithe mar chuid dá hiarracht cothromaíocht a chinntiú idir an saol oibre agus an saol príobháideach.

In imthosca áirithe, go háirithe sa chás go bhfuil d'oibleagáid ar bhaill foirne bogadh óna n-áit chónaithe chun tabhairt faoi fhostaíocht, d'fhéadfadh go n-aisíocfadh an Ghníomhaireacht costais áirithe tabhaithe mar gheall ar an bpróiseas earcaíochta, costais aistrithe go háirithe.

Má tá tuilleadh eolais uait faoi na coinníollacha conarthacha agus oibre, féach ar Rialachán Foirne agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh atá ar fáil ag an seoladh seo a leanas:

<http://eur->

[lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=CONSLEG:1962R0031:20140101:EN:PDF](http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=CONSLEG:1962R0031:20140101:EN:PDF).

COSAINT SONRAÍ

Déanfar sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha an phróisis roghnúcháin agus chuige sin amháin.

Tabhair do d'aire nach seolfaidh FRA iarratais ar ais chuig na hiarrthóirí. Déanfar iarrataí ar fhaisnéis phearsanta FRA ó iarratasóirí a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin. Baineann sé seo go háirithe le rúndacht agus sábháilteacht sonraí den sórt sin.

Má tá aon cheist ag an iarrthóir maidir le próiseáil a s(h)onraí pearsanta, ba cheart dó/di na ceisteanna a sheoladh chuig:

recruitment@fra.europa.eu.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir le próiseáil sonraí pearsanta, féach ar [Ráiteas Príobháideachais FRA](#).

NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHAIRC

I gcás ina measann iarrthóir go ndearna cinneadh ar leith dochar dó/di, féadfaidh sé/sí gearán a thaisceadh faoi Airteagal 90(2) de Rialachán Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh, ag an seoladh seo a leanas:

An Stiúrthóir

Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha
Schwarzenbergplatz 11
A-1040 Vín
An Ostair

Ní mór an gearán a thaisceadh laistigh de 3 mhí. Foilsítear an teorainn ama chun an cineál seo nós imeachta a thionscnamh ón am a chuirtear an nós imeachta roghnúcháin i gcrích ar an suíomh gréasáin ag an nasc seo a leanas: <http://fra.europa.eu/en/about-fra/recruitment/vacancies>.

Má dhiúltaítear don ghearán, féadfaidh an t-iarrthóir cás a thabhairt faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus faoi Airteagal 91 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh roimh:

Binse um Sheirbhís Shibhialta an Aontais Eorpaigh
Rue du Fort Niedergruenewald
L-2925 Lucsamburg

Is féidir, chomh maith, gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh de bhun Airteagal 228(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus i gcomhréir le reacht an Ombudsman agus leis na forálacha cur chun feidhme arna nglacadh ag an Ombudsman. Sula nglacfaidh an tOmbudsman le gearán, ní mór an gearán a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta ar dtús. Ní mór aon ghearán chuig an Ombudsman a dhéanamh laistigh de dhá bhliain ó chinneadh críochnaitheach a fháil ón nGníomhaireacht faoin gceist. (<http://www.ombudsman.europa.eu>)